

An Chomhairle
Mhúinteoireachta



The Teaching Council

Nósanna Imeachta maidir le Déileáil le
Gearán faoi Mhúinteoir Cláraithe chuig
Coiste Imscrúdaithe na Comhairle Múinteoireachta

Eanáir 2018

	INNÉACS	Leathanaigh
1	Réamhobair	3
2	An Coiste Imscrúdaithe	4-5
3	Na forais ar féidir gearán a dhéanamh	6-7
4	Uainiú na nEachtraí	8
5	Gearáin	9
6	An gearán a fháil agus Athbhreithniú an Stiúrthóra	10
7	Gearán diúltaithe ag an Stiúrthóir	11
8	An chéad bhreithniú ar ghearán a dhéanann an Coiste Imscrúdaithe	12-13
9	Cinneadh an Choiste Imscrúdaithe imscrúdú a reáchtáil	14
10	Imscrúdú an Choiste Imscrúdaithe	15
11	Cinneadh Substainteach an Choiste Imscrúdaithe tar éis a Imscrúdaithe	18
12	Dualgais an Chathaoirligh	19
13	Ginearálta	20
14.	Aguisín 1	21-26

1 Réamhobair

- 1.1 Sna nósanna imeachta seo a leanas (“na Nósanna Imeachta”) tugtar breac-chuntas ar conas a dhéanfar gearán chuig an gCoiste Imscrúdaithe a bhainistiú ón uair a fhaightear an gearán go dtí cinneadh an Choiste Imscrúdaithe (“an Coiste”).
- 1.2 Tá na Nósanna Imeachta bunaithe ar Chuid 5 d’Achtanna na Comhairle Múinteoireachta 2001 go 2015 (“na hAchtanna”), agus alt 42 go háirithe.
- 1.3 Tá na Nósanna Imeachta, a d’fhaomh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar chomhairle an Choiste, faoi réir na nAchtanna an t-am ar fad agus ní mór iad a léamh i gcomhar le Cuid 5 de na hAchtanna.
- 1.4 Tá gluais téarmaí a úsáidtear go minic sa doiciméad seo leagtha amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an doiciméad seo.

2 An Coiste Imscrúdaithe

2.1 Tá an Coiste comhdhéanta de 11 chomhalta gníomhacha den Chomhairle.

Déantar an ballraíocht a shocrú i gcomhréir le halt 27 de na hAchtanna.

2.2 Is é Cathaoirleach an Choiste Leaschathaoirleach na Comhairle. Sa chás

nach bhfuil Cathaoirleach an Choiste ar fáil le bheith i láthair ag cruinniú

iomlán nó ag cuid den chruinniú den Choiste, toghfaidh an Coiste

cathaoirleach gníomhach ó na daoine úd atá i láthair ag an gcruinniú a

ghníomhóidh mar chathaoirleach nuair nach mbíonn Cathaoirleach an Choiste

ar fáil.

2.3 Is é córam an Choiste tromlach simplí de bhaill an Choiste, i.e. sé bhall. Ach,

ní bheidh baill nach bhfuil in ann freastal ar chruinniú mar thoradh ar

choimhlint leasa curtha san áireamh i líon iomlán na ballraíochta óna ndéanfar

an córam a ríomh.

2.4 Beidh cruinnithe an Choiste ar siúl go príobháideach.

2.5 Gheobhaidh an Coiste tacaíocht rúnaíochta, ina mbeidh ball foirne amháin nó

níos mó den Chomhairle Mhúinteoireachta i gceist, a bheidh freagrach as

cúrsaí riaracháin le tacú le feidhmiú an Choiste. Beidh roinnt de na baill foirne

seo aitheanta mar Chásoifigigh, a dhéanfaidh gearáin a bhainistiú ón uair a

fhaightear gearán go dtí go ndéantar cinneadh faoin ngearán ag an deireadh,

ar bhealach a bheidh faoi threoir an Choiste.

2.6 Cuirfidh baill an Choiste a bhfuil i gceist acu a bheith i láthair ag cruinniú le

féachaint ar ghearán nó ar achomharc, eolas ar fáil don rúnaíocht ina

bhféadfadh aon choimhlint leasa a bheith i gceist. Beidh ar bhaill an Choiste

féachaint ar na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh a bheith fágtha

ar lár ón gCoiste, bunaithe ar ghaol leis an ngearánach nó leis an múinteoir

cláraithe a d'fhéadfaí a mheasadh a bheith dochrach, e.g., gaol teaghlaigh,

caidreamh le comhghleacaí, cairdeas, ball de bhord bainistíochta na scoile,

comhghleacaí foirne nó aon chaidreamh nó réamheolas a d'fhéadfaí a mheas

go ndéanfaí aireachtáil claontachta a chruthú nó gur chosúil go mbeadh sé

chun dochair don toradh.

2.7 Más gá, d'fhéadfadh an Coiste comhairle dlí a lorg i leith aon choimhlint leasa a d'fhéadfadh a bheith ann. Má cheaptar go bhféadfadh coimhlint leasa a bheith ann, éireoidh an ball as an gCoiste fad is atá an gearán, nó an t-achomharc a rinne gearánach faoi chinneadh an Stiúrthóra maidir le gearán a dhiúltú, á mheas. Má bhíonn coimhlint leasa fhéidearthach ann don Chathaoirleach, tarraingeoidh sé nó sí as an as an gCoiste fad agus atá an gearán, nó achomharc an ghearánaigh maidir le cinneadh an Stiúrthóra diúltú do ghearán, á mheas, agus toghfaidh an Coiste cathaoirleach gníomhach as measc na mball úd atá i láthair ag an gcruinniú.

2.8 D'fhéadfadh comhairleoir dlí a bheith i láthair ag an gCoiste ag céim ar bith de na himeachtaí mar atá leagtha amach sna nósanna imeachta seo. D'fhéadfadh comhairleoir den tsórt seo comhairle dlí agus cuidiú a chur ar fáil don Choiste agus don rúnaíocht, ar ghné ar bith de bhreithniú an Choiste ar ghearán nó ar achomharc atá déanta ag gearánach faoi chinneadh an Stiúrthóra gearán a dhiúltú.

2.9 Ní féidir le ball den Choiste a bheith ar an gCoiste Araíonachta agus vice-versa.

3 Na forais ar féidir gearán a dhéanamh

3.1 In alt 42(1) den Acht leagtar amach na forais le gearáin a dhéanamh chuig an gCoiste Imscrúdaithe maidir le múinteoir cláraithe, mar seo a leanas:

- a) nár chomhlíon sé nó sí, nó gur sháraigh sé nó sí aon fhoráil d'Achtanna na Comhairle Múinteoireachta, 2001 go 2015, den Acht Oideachais, 1998, den Acht Oideachais (Leas) 2000, den Acht Oideachais um Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta acu 2004, d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013, nó d'aon rialacháin, rialacha nó orduithe a rinneadh faoi na hAchtanna sin;
- b) gurb ionann a iompar nó a hiompar agus mí-iompar gairmiúil;
- c) drochfheidhmíocht ghairmiúil;
- d) go raibh a iompar nó a hiompar contrártha don chód iompair ghairmiúil arna bhunú ag an gComhairle faoi alt 7(2)(b) de na hAchtanna;
- e) go bhfuil a chláru nó a clárú mícheart de bharr dearbhaithe atá bréagach nó calaoiseach nó de bharr mífhaisnéise;
- f) nach bhfuil sé nó sí ábalta teagasc a dhéanamh ó thaobh na sláinte de;
- g) gur ciontaíodh é nó í sa Stát de bharr ciona atá intriallta ar díotáil nó gur ciontaíodh é nó í lasmuigh den Stát de bharr ciona a chuimsíonn gníomhartha nó neamhghníomhartha a mbeadh mar chion intriallta ar díotáil dá ndéanfaí iad nó dá dtabharfaí fúthu sa Stát;
- h) nár chomhlíon sé nó sí gealltanais nó nach ndeachaigh sé nó sí i ngleic le rud ar leith i dtoilíú a tugadh mar fhreagra ar iarratas faoi alt 43(6) de na hAchtanna.

3.2 Ní thugtar sainmhíniú sna hAchtanna ar bhfuil i gceist le mí-iompar gairmiúil a dhéanann múinteoir cláraithe. Ach, tá an sainmhíniú seo a leanas i gCód Iompair Ghairmiúil na Comhairle Múinteoireachta do Mhúinteoirí:

Iompar náireach nó mí-ionraic le linn thréimhse gairme an duine atá cláraithe, nó aon ní eile seachas sin le linn thréimhse gairme an duine atá cláraithe más rud é go bhfuil an t-iompar chomh tromchúiseach sin go bhféadfaí míchlú a tharraingt ar ghairm na múinteoireachta

3.3 Tugtar sainmhíniú ar dhrochfheidhmíocht ghairmiúil sna hAchtanna mar seo a leanas:

Teip ar an múinteoir cláráithe na caighdeáin inniúlachta a chomhlíonadh (cibé acu an mbaineann siad le cúrsaí eolais agus scileanna, nó eolas agus scil, nó an dá cheann a chur i ngníomh) a mbeifí ag súil leis go réasúnta ó mhúinteoir cláráithe.

3.4 Ní mór go mbeadh an “teip” a ndéantar tagairt di thuas sa sainmhíniú maidir le drochfheidhmíocht ghairmiúil a bheith tromchúiseach.

3.5 Le haon ghearán a chur ar aghaidh chuig an gCoiste Araíonachta le haghaidh fiosrúcháin, ní mór go mbeadh na hábhair a ndéantar gearán fúthu a bheith tromchúiseach.

3.6 Mar atá leagtha amach in alt 42(1D) de na hAchtanna, má fhaigheann an Chomhairle nochtadh grinnfhiosrúcháin ar ábhar imní é thar ceann eagraíochta eile cuí a ndéanann an Chomhairle ionadaíocht di chun críche nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin faoin Alt um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 (“Acht 2012”), féadfaidh an Chomhairle gearán a dhéanamh chuig an gCoiste Imscrúdaithe ar an bhforas gurb é an cineál eolais atá sa nochtadh grinnfhiosrúcháin go bhféadfadh ábhar imní bona fide a bheith ann go réasúnta go bhféadfadh múinteoir cláráithe:

- i. díobháil a dhéanamh do leanbh nó do dhuine soghonta ar bith,
- ii. a bheith mar chúis díobhála do leanbh nó do dhuine soghonta ar bith,
- iii. leanbh nó duine soghonta ar bith a chur i mbaol díobhála,
- iv. iarracht a dhéanamh díobháil a dhéanamh do leanbh nó do dhuine soghonta ar bith, nó
- v. duine eile a ghríosú le díobháil a dhéanamh do leanbh nó do dhuine soghonta ar bith.

3.7 Mar atá leagtha amach in alt 42(1E) de na hAchtanna, d'fhéadfadh an Chomhairle gearán a dhéanamh chuig an gCoiste Imscrúdaithe faoi alt 42(1)(g) (féach 3.1 thuas) de na hAchtanna, bunaithe ar an eolas atá i nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuair an Chomhairle thar ceann eagraíochta cuí eile a ndéanann an Chomhairle ionadaíocht di chun críche nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin faoi Acht 2012.

4 Uainiú na nEachtraí

4.1 D'fhéadfadh an Coiste féachaint ar ghearán a bhaineann le haon cheann de na forais ag (a), (e) nó (g) de pharagraf 3.1 thuas in ainneoin gur tharla an t-ábhar lena mbaineann an gearán roimh thosach feidhme Chuid 5 de na hAchtanna.

4.2 D'fhéadfadh an Coiste féachaint ar ghearán de bharr mí-iompair ghairmiúil (féach (b) de pharagraf 3.1 thuas) in ainneoin gur tharla an t-iompar a bhí ina chúis leis an ngearán roimh thosach feidhme de Chuid 5, áit a mbeadh an t-iompar sin:

- a) ina chion coiriúil nuair a tharla an t-iompar; agus
- b) mar an cineál iompair go bhféadfadh ábhar imní bona fide a bheith ann go réasúnta go bhféadfadh múinteoir cláraithe -
 - i. díobháil a dhéanamh do leanbh nó do dhuine soghonta ar bith,
 - ii. a bheith mar chúis díobhála do leanbh nó do dhuine soghonta ar bith,
 - iii. leanbh nó duine soghonta ar bith a chur i mbaol díobhála,
 - iv. iarracht a dhéanamh díobháil a dhéanamh do leanbh nó do dhuine soghonta ar bith, nó
 - v. duine eile a ghríosú le díobháil a dhéanamh do leanbh nó do dhuine soghonta ar bith.

4.3 Ní féidir leis an gComhairle gearán a dhéanamh leis an gCoiste de bhun alt 42(1D) de na hAchtanna (féach paragraf 3.6 thuas), más rud é gurb eolas ar leith é an t-eolas atá sa nochtadh grinnfhiosrúcháin a bhaineann le hiompar a tharla roimh thosach feidhme Chuid 5 de na hAchtanna agus nárbh chion coiriúil a bhí ann nuair a tharla an t-iompar.

4.4 Áit a mbíonn eolas ar leith i nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuair an Chomhairle faoi alt 42(7A) (féach paragraf 9.5 thíos) a bhaineann le hiompar a tharla roimh thosach feidhme de Chuid 5, ní féidir leis an gCoiste féachaint ar an eolas sin ach amháin más rud é gur chion coiriúil a bhí ann nuair a tharla an t-iompar. Chomh maith leis sin, mar atá leagtha amach i bparagraf 10.6 thíos, ní féidir leis an gCoiste féachaint ar an eolas atá sa nochtadh grinnfhiosrúcháin ach amháin chun críche a imscrúdaithe sa mhéid go mbaineann an t-eolas leis an iompar d'ábhar an imscrúdaithe.

5 Gearáin

- 5.1 D'fhéadfadh duine (an Chomhairle san áireamh) gearán a dhéanamh leis an gCoiste Imscrúdaithe maidir le múinteoir cláraithe.
- 5.2 Beidh gearán faoi alt 42(1) den Acht:
 - a) i scríbhinn,
 - b) sínithe ag an ngearánach, agus
 - c) in éineacht le doiciméid agus eolas den tsórt sin a mbeadh bainteach leis an ngearán.

6 An Gearán a Fháil agus Athbhreithniú an Stiúrthóra

- 6.1 Déanfaidh Cásóifigeach gach gearán a bhainistiú (dá ngairfear “an Cásóifigeach” anseo feasta) agus déanfaidh sé nó sí a admháil go bhfuair sé nó sí gach gearán agus deimhneoidh sé nó sí leis an ngearánach má tá gearán á dhéanamh aige nó aici, mura bhfuil sé seo sonraithe go soiléir cheana féin. Seolfaidh an Cásóifigeach cóip de na Nósanna Imeachta agus aon litríocht de chuid na Comhairle maidir le gearán a dhéanamh chuig an ngearánach.
- 6.2 Déanfaidh an Stiúrthóir, nó aon fhostaí den Chomhairle a ndéanann an Stiúrthóir an fheidhm seo a tharmligean chuige nó chuici (dá ngairfear “an Stiúrthóir” anseo feasta) an gearán a athbhreithniú agus cuirfidh sé nó sí é ar aghaidh chuig an gCoiste, ach amháin:
- a) mura gcomhlíonann sé na riachtanais faoi pharagraf 5.2 thuas, nó
 - b) má cheapann an Stiúrthóir gur gearán suaibhreasach nó cráiteach é, nó go ndearnadh é de mheon mímhacánta nó gur droch-úsáid próisis é, agus sa chás seo diúltóidh an Stiúrthóir an gearán.
- 6.3 Nuair a chuirtear an gearán ar aghaidh chuig an gCoiste, deimhneoidh an Stiúrthóir i scríbhinn gur comhlíonadh na riachtanais faoi pharagraf 5.2 thuas.
- 6.4 Áit a gcuirtear gearán ar aghaidh chuig an gCoiste, cuirfidh an Cásóifigeach in iúl don mhúinteoir cláraithe faoina bhfuil an gearán maidir leis an gcinneadh, agus beidh cóip den ghearán iniata leis. Cuirfidh an Cásóifigeach cóip de na Nósanna Imeachta seo, cóip de litríocht de chuid na Comhairle maidir le múinteoir cláraithe ag déileáil le gearán, agus cóip de Chuid 5 de na hAchtanna isteach leis freisin. Cuirfear in iúl don mhúinteoir cláraithe nach mbeidh dualgas air nó uirthi aon eolas eile a chur ar fáil maidir leis an ngearán ag an bpointe seo.

7 Gearán Diúltaithe ag an Stiúrthóir

- 7.1 Má dhiúltaíonn an Stiúrthóir an gearán, cuirfear in iúl don ghearánach trí fhógra i scríbhinn a thabhairt laistigh de 21 lá:
- a) den chinneadh,
 - b) de chúiseanna an chinnidh, agus
 - c) de cheart an ghearánaigh le hachomharc a dhéanamh ar an gcinneadh chuig an gCoiste laistigh de 21 lá den dáta a cuireadh an fógra ar fáil.
- 7.2 Cuirfear an fógra maidir leis an diúltú ar fáil i gcomhréir le halt 62 de na hAchtanna.
- 7.3 Cuirfidh an Cásoifigeach cóip den fhógra maidir leis an diúltú agus cóip den ghearán ar aghaidh chuig an múinteoir cláraithe faoina bhfuil an gearán, in éineacht le liosta de na baill den Choiste Imscrúdaithe.

8 An chéad bhreithniú ar ghearán a dhéanann an Coiste Imscrúdaithe

- 8.1 Déanfaidh an Coiste, faoi réir pharagraf 8.2 thíos, cinneadh le dul ar aghaidh agus, dá ngairtear san Acht mar “fiosrúchán” a reáchtáil, ach, le bheith in ann é a dhealú ó fhiosrúchán os comhair phainéal an Choiste Araíonachta, tabharfar “imscrúdú” air i ngach cuid de na nósanna imeachta seo, maidir le gearán a ndéanann an Stiúrthóir a atreorú chuige nó a ndéanann an gearánach achomharc air.
- 8.2 Diúltóidh an Coiste imscrúdú a reáchtáil maidir le gearán:
- a) má sheasann an Coiste le cinneadh an Stiúrthóra maidir leis an ngearán a dhiúltú; nó
 - b) mura mbaineann an gearán nó an t-achomharc le feidhmiúlacht chun múineadh múinteora chláraithe; nó
 - c) mura baineadh triail as na nósanna imeachta a bunaíodh faoi ailt 24 agus 28 den Acht Oideachais 1998, nó de na hAchtanna Gairmoideachais, 1930 go 1999, cibé cé acu, ach amháin má bhíonn cúiseanna maithe agus leordhóthanacha ann le féachaint ar an ngearán nó ar an achomharc in ainneoin na fírice sin.
- 8.3 Sula ndéanfaidh an Coiste a chéad bhreithniú ar ghearán, nó ag éirí as céad bhreithniú an Choiste ar ghearán, féadfaidh Cásoifigeach an t-eolas sin a lorg maidir le hábhair a bhaineann le paragraf 8.2 c). Déanfaidh an Coiste cinneadh má baineadh triail as na nósanna imeachta, agus mura baineadh triail as na nósanna imeachta, déanfaidh sé breithniú ar na cúiseanna maidir leis seo. Mura baineadh triail as na nósanna imeachta, déanfaidh an Coiste cinneadh cibé an bhfuil cúiseanna maithe agus leordhóthanacha ann leis an ngearán nó leis an achomharc a mheas in ainneoin é seo.
- 8.4 Áit a ndiúltaíonn an Coiste gearán nó achomharc a mheas i gcomhréir le paragraf 8.2 thuas, cuirfidh an Cásoifigeach, agus an Coiste tar éis iarraidh air nó uirthi é a dhéanamh, in iúl don ghearánach trí fhógra a thabhairt i scríbhinn, maidir leis an gcinneadh agus maidir le cúiseanna an chinnidh laistigh de 21 lá den chinneadh a bheith déantar ag an gCoiste.
- 8.5 Cuirfear an fógra a ndéantar tagairt dó i bparagraf 8.4 ar fáil i gcomhréir le halt 62 den Acht.

- 8.6 Cuirfear cóip den fhógra maidir leis an diúltú ar aghaidh chuig an múinteoir cláraithe faoina bhfuil an gearán.
- 8.7 Má bhíonn gearán a rinneadh faoi alt 42(1) nó 42(1D) de na hAchtanna á bhreithniú ag an gCoiste ag céim ar bith, agus má bhíonn an múinteoir cláraithe fostaithe ag scoil aitheanta, ag bord oideachais agus oiliúna nó ag ionad oideachais, nó má bhíonn siad i mbun teagaisc bhaile, nó má bhíonn siad fostaithe le leanaí nó daoine soghonta a theagasc, agus má bhíonn a fhios ag an gComhairle cé hé fostóir an mhúinteora, ní mór don Chomhairle a mheas cibé an bhfuil ábhar imní bona fide ann go bhféadfadh an múinteoir -
- i. díobháil a dhéanamh do leanbh nó do dhuine soghonta ar bith,
 - ii. a bheith mar chúis díobhála do leanbh nó do dhuine soghonta ar bith,
 - iii. leanbh nó duine soghonta ar bith a chur i mbaol díobhála,
 - iv. iarracht a dhéanamh díobháil a dhéanamh do leanbh nó do dhuine soghonta ar bith, nó
 - v. duine eile a ghríosú le díobháil a dhéanamh do leanbh nó do dhuine soghonta ar bith.

Má bhíonn a leithéid ábhair imní bona fide ag an gCoiste, tabharfaidh sé treoir don Chásoifigeach, chomh luath agus is féidir, le cur in iúl d'fhostóir an mhúinteora maidir leis an ngearán agus an cineál ábhair imní atá ann.

- 8.8 Ar an gcéad bhreithniú, agus ag gach breithniú ina dhiaidh sin ar ghearán, déanfaidh an Coiste a mheas cibé ar gá clárú an mhúinteora chláraithe a chur ar fionraí láithreach leis an bpobal a chosaint. Má chreideann an Coiste gur ghá an múinteoir a chur ar fionraí láithreach, cuirfidh sé cóip den ghearán agus aon doiciméid a bhíonn in éineacht leis ar fáil don Chomhairle (nó don Choiste Feidhmiúcháin má dháil an Chomhairle a cumhacht air) le haghaidh bhreithniú na Comhairle de bhun alt 47 de na hAchtanna.

9 Cinneadh an Choiste Imscrúdaithe imscrúdú a réachtáil

- 9.1 Má dhéanann an Coiste cinneadh a réachtáil, cuirfidh an Cásoifigeach,

laistigh de 21 lá den chinneadh a bheith déanta ag an gCoiste, in iúl don mhúinteoir cláraithe faoin gcinneadh, agus cuirfidh sé nó sí fógra ar fáil don mhúinteoir cláraithe ina luafar go bhféadfadh an múinteoir cláraithe, cé nach bhfuil dualgas air nó uirthi, aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh chuig an gCoiste laistigh de 21 lá den fhógra a fháil.

- 9.2 Cuirfear an fógra a ndéantar tagairt dó i bparagraf 9.1 ar fáil i gcomhréir le halt 62 de na hAchtanna.
- 9.3 Déanfaidh an Cásóifigeach cinnte de, mura bhfuil sé déanta aige nó aici cheana féin, go gcuireann sé nó sí cóip den ghearán agus aon doiciméid nó eolas a bhíonn in éineacht leis an ngearán ar fáil don mhúinteoir cláraithe. Ionas nach mbeifí in amhras faoi, má tá nochtadh grinnfhiosrúcháin á chur ar fáil don mhúinteoir cláraithe, deimhneoidh an Cásóifigeach an t-eolas sa nochtadh atá mar chúis an ghearáin.
- 9.4 Cuirfidh an Cásóifigeach in iúl don ghearánach faoin gcinneadh freisin.
- 9.5 Má dhéanann an Coiste cinneadh imscrúdú a reáchtáil, iarrfaidh an Coiste ar an gComhairle iarratas a dhéanamh chuig an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin ar nochtadh grinnfhiosrúcháin i ndáil leis an múinteoir sin áit a measann an Coiste gurb é an cineál gearáin é go bhféadfadh ábhar imní bona fide a bheith ann go réasúnta go bhféadfadh múinteoir cláraithe:
 - i. díobháil a dhéanamh do leanbh nó do dhuine soghonta ar bith,
 - ii. a bheith mar chúis díobhála do leanbh nó do dhuine soghonta ar bith,
 - iii. leanbh nó duine soghonta ar bith a chur i mbaol díobhála,
 - iv. iarracht a dhéanamh díobháil a dhéanamh do leanbh nó do dhuine soghonta ar bith, nó
 - v. duine eile a ghríosú le díobháil a dhéanamh do leanbh nó do dhuine soghonta ar bith.

10 Imscrúdú an Choiste Imscrúdaithe

10.1 Is é an Cásóifigeach a thabharfaidh faoin gcéad athbhreithniú ar an ngearán agus a ullmhóidh dréachtphlean cáis don Choiste lena mheas ag an gcruinniú. Is é a bheidh i gceist leis an ndréachtphlean cáis phlean leis an ngearán a imscrúdú. B'fhéidir go n-aithneofaí ann (go ginearálta nó téarmaí ar leith) roinnt nó gach ceann de na nithe seo a leanas:

- a) An t-eolas nó na doiciméid atá le soláthar.
- b) Na daoine atá le heolas nó doiciméid a chur ar fáil.
- c) Na saineolaithe le tuairiscí a chur ar fáil.
- d) Na scoileanna le haighneachtaí a chur ar fáil.
- e) A leithéid d'ábhair eile a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an ngearán.

10.2 Roimh chruinniú an Choiste, cuirfear na doiciméid uile chuí ar fáil do bhaill an Choiste ag an bpointe sin.

10.3 Tiocfaidh an Coiste le chéile agus déanfar an gearán, an dréachtphlean cáis a d'ullmhaigh an Cásóifigeach agus na doiciméid agus an t-eolas uile atá in éineacht leis an ngearán chomh maith le haon aighneachtaí a fuarthas ón múinteoir cláraithe, a mheas.

10.4 Má bhaineann an gearán le heolas atá i nochtadh grinnfhiosrúcháin, déanfaidh an Coiste an t-eolas sa nochtadh grinnfhiosrúcháin a mheas sa mhéid gur cúis gearáin é.

10.5 Ar an gcéad bhreithniú, agus ag gach breithniú ina dhiaidh sin ar ghearán tar éis cinneadh a dhéanamh imscrúdú a réachtáil dá dtagraítear i gcuid 9 thuas, d'fhéadfadh an Coiste Imscrúdaithe ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- a) Plean cáis a fhaomhadh – cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé i bhfoirm dréachtphlean cháis.
- b) Treoir a thabhairt don Chásóifigeach aon cheann nó gach ceann de na gníomhaíochtaí atá aitheanta sa phlean cáis a dhéanamh agus aon ghníomhaíochtaí eile a cheapann an Coiste a bheith iomchuí.
- c) Éileamh a dhéanamh ar an ngearánach rud ar bith atá sa ghearán a dhearbhú.

- d) Iarraidh ar an ngearánach eolas breise a chur ar fáil cibé acu an é dearbhú reachtúil nó nach é.
- e) Éileamh a dhéanamh ar an ngearánach doiciméid a chur ar fáil.
- f) Éileamh a dhéanamh ar an múinteoir cláraithe eolas nó doiciméid a sholáthar.
- g) Éileamh a dhéanamh ar aon scoil ina bhfuil nó ina raibh an múinteoir fostaithe nó ar dhuine ar bith eile a bhfuil cúis ann go gcreideann an Coiste go bhfuil eolas a bhaineann leis an ábhar aige nó aici, eolas nó doiciméid a chur ar fáil don Choiste.
- h) A leithéid sainchomhairle nó sainchuidiú a fháil a mheasann sé a bheith iomchuí.
- i) Cuireadh a thabhairt d'aon scoil ina bhfuil nó ina raibh an múinteoir fostaithe mar mhúinteoir cláraithe le haighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn.
- j) Sa chás ina mbíonn líomhain ann maidir le gan a bheith ábalta teagasc a dhéanamh ó thaobh na sláinte de, éileamh a dhéanamh go gcuirtear isteach fianaise sláinte, aighneachtaí a rinneadh, tinreamh don scrúdú dochtúra nó aon chéimeanna eile a ghlacadh mar atá leagtha amach i Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta 2015 [fianaise sláinte a chur isteach, aighneachtaí a dhéanamh agus tinreamh don scrúdú dochtúra].
- k) Breithniú an ghearáin a chur ar atráth.
- l) A chinneadh substainteach a dhéanamh maidir leis an ngearán.
- m) A leithéid de ghníomhaíocht eile a dhéanamh laistigh dá chumhacht reachtúil a cheapfaí a bheith iomchuí.

10.6 Má lorgaíonn an Coiste nochtadh grinnfhiosrúcháin dá dtagraítear i bparagraf 9.5 thuas, d'fhéadfadh an Coiste, chun críche a imscrúdaithe, an t-eolas atá sa nochtadh grinnfhiosrúcháin a mheas sa mhéid go mbaineann an t-eolas le hiompar an duine atá á imscrúdú. Cuirfidh an Coiste cóip den nochtadh ar fáil don mhúinteoir cláraithe agus tabharfar cuireadh dó nó di aighneachtaí a dhéanamh maidir leis an nochtadh. Déanfaidh an Coiste gach aighneacht a chuireann an múinteoir cláraithe ar fáil a mheas.

10.7 Má chuireann an múinteoir cláraithe aon eolas ar fáil don Choiste, déanfaidh an Cásóifigeach, má fhaigheann sé nó sí treoir ón gCoiste,

cóip den eolas sin a sholáthar don ghearánach le freagra a fháil uaidh nó uaithi. Cuirfear cóip d'aon fhreagra a thagann ón ngearánach ar aghaidh chuig an múinteoir cláraithe ansin le haghaidh ráitis uaidh nó uaithi.

- 10.8 Glacfaidh an Cásoifigeach na céimeanna uile a thugann an Coiste dó nó di agus ullmhóidh sé nó sí tuairisc ar an gcás ina mbeidh an gearán agus an comhfhreagras uile, aighneachtaí, tuairiscí, doiciméid a cuireadh i láthair agus eolas a fuair an Cásoifigeach faoi threoir an Choiste.
- 10.9 Ach amháin má thagann treoir eile ón gCoiste, seolfaidh an Cásoifigeach an tuairisc ar an gcás agus an comhfhreagras uile, na haighneachtaí, tuairiscí, doiciméid a cuireadh i láthair agus an t-eolas a fuair an Coiste le linn a imscrúdaithe chuig an múinteoir cláraithe. Tabharfar tréimhse ama réasúnta don mhúinteoir cláraithe le freagra i scríbhinn a chur isteach.
- 10.10 Ina dhiaidh sin, cuirfear an tuairisc ar an gcás agus aon fhreagra ar aghaidh chuig an gCoiste lena meas.
- 10.11 Agus breithniú déanta ar an tuairisc ar an gcás d'fhéadfadh an Coiste treoir a thabhairt don Chásoifigeach tuilleadh imscrúduithe a dhéanamh agus tiocfaidh paragraf 10.5 i bhfeidhm i dtaca leis seo. Cuirfear torthaí aon imscrúduithe breise a dhéantar isteach i dtuairisc leasaithe ar an gcás agus tiocfaidh 10.9 i bhfeidhm.
- 10.12 Nuair atá an Coiste sásta go bhfuil dóthain ábhair aige nó nach dóigh leis gur gá imscrúdú réasúnta breise a dhéanamh le hábhar breise a nochtadh gur dócha go mbeadh tionchar mór aige ar chinneadh an Choiste, déanfaidh an Coiste a chinneadh substainteach maidir leis an ngearán.

11 Cinneadh Substainteach an Choiste Imscrúdaithe tar éis a Imscrúdaithe

11.1 Tar éis a imscrúdaithe, déanfaidh an Coiste:

- a) Áit a bhfuil sé den tuairim go bhfuil cás prima facie i gceist gur gá déileáil tuilleadh leis an ngearán, an gearán, ina iomlán nó cuid den ghearán a chur ar aghaidh chuig an gCoiste Araíonachta, nó
- b) Áit a bhfuil sé den tuairim nach bhfuil aon chás prima facie gur gá déileáil tuilleadh leis an ngearán, diúltú an gearán a chur ar aghaidh chuig an gCoiste Araíonachta.

11.2 Déanfaidh an Coiste a chinneadh a thaifeadadh, i scríbhinn, agus leagfar amach na cúiseanna leis an gcinneadh.

11.3 Cuirfidh an Cásoifigeach, agus treoir faighte aige nó aici ón gCoiste Imscrúdaithe, cóip den chinneadh agus cúiseanna leis an gcinneadh chuig an ngearánach, an múinteoir cláraithe agus an áit ina bhfuil an múinteoir fostaithe mar mhúinteoir, a f(h)ostóir, laistigh de 21 lá tar éis an cinneadh a fháil.

12 Dualgais an Chathaoirligh

12.1 Is é ról an Chathaoirligh a bheith mar bhall den Choiste, cathaoirleacht a dhéanamh ar imeachtaí an Choiste agus gearán nó achomharc ar chinneadh an Stiúrthóra le gearán a dhiúltú á mheas, agus cathaoirleacht a dhéanamh ar imeachtaí an Choiste nuair a thagann an Coiste le chéile mar chuid dá imscrúdú. Cinnteoidh an Cathaoirleach go dtugtar faoin imscrúdú i gcomhréir leis an Acht agus leis na Nósanna Imeachta.

13 Ginearálta

12.2 Mura gcomhlíontar na Nósanna Imeachta ní bheidh aon imeachtaí nó céimeanna ar neamhní ach amháin má thugann an Coiste treoir a leithéid a dhéanamh. D'fhéadfaí a leithéid imeachtaí nó céimeanna a chur i leataobh go hiomlán nó go páirteach mar chinn atá neamhrialta, nó a leasaíodh nó ar déileáil leo ar a leithéid de bhealach eile nó ar a leithéid téarmaí a cheapfaidh an Coiste a bheith oiriúnach.

12.3 Ní chuirfidh paragraf 13.1 isteach ar na riachtanais le haon fhorálacha reachtúla a chomhlíonadh.

12.4 Déanfaidh an Coiste gach iarracht na gearáin a bhainistiú chomh tapa agus is féidir, agus cuirfear san áireamh leasanna an cheartais agus aon srianta riaracháin freisin.

12.5 Gníomhóidh an Coiste i gcónaí i gcomhréir le prionsabail na nósanna imeachta córa.

12.6 D'fhaomh an Chomhairle Mhúinteoireachta na Nósanna Imeachta ar chomhairle ón gCoiste agus déanfar athbhreithniú orthu go tráthrialta más gá.

12.7 Ní dhéanfar aon leasú ar na Nósanna Imeachta ach amháin má chuirtear fógra faoin leasú atá molta go foirmiúil faoi bhráid cruinnithe den Choiste.

12.8 Tiocfaidh na Nósanna Imeachta i bhfeidhm ar an dáta nuair a bhíonn tosach feidhme le Cuid 5 de na hAchtanna agus beidh siad i bhfeidhm do gach gearán a fhaightear ar an nó i ndiaidh an dáta sin.

AGUISÍN 1

Gluais Téarmaí

(Téarmaí agus frásaí a úsáideadh sa doiciméad seo mínithe in ord aibítire)

Na hAchtanna

Is giorrúchán é an téarma seo d'Achtanna na Comhairle Múinteoireachta, 2001 – 2015.

Bona Fide

Téarma Laidine a chiallaíonn “de mheon macánta” a úsáidtear sna hAchtanna. Is fíorbhar imní é ábhar imní bona fide, atá déanta de mheon macánta.

Cásoifigigh

Baill foirne den Chomhairle Mhúinteoireachta a dhéanfaidh gearáin a bhainistiú ón uair a fhaightear gearán go dtí an deireadh nuair a dhéantar breithniú ar an ngearán, ar bhealach atá teoraithe ag an gCoiste. Beidh na cásoifigigh freagrach as na cúrsaí riaracháin chun tacú le feidhmiú an Choiste.

Plean Cáis

Beidh an pleas cáis an plean le himscrúdú a dhéanamh ar an ngearán agus b'fhéidir go n-aithneofaí eolas nó doiciméid ann atá le soláthar, na daoine atá le heolas nó doiciméid a sholáthar, na saineolaithe atá le tuairiscí a chur ar fáil, na scoileanna atá le haighneachtaí a chur ar fáil agus aon ábhair eile a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an ngearán. D'fhéadfadh an Cásoifigeach é a ullmhú don Choiste lena mheas ag a chruinniú.

Tuairisc ar Chás

Is é is tuairisc ar chás tuairisc ina mbeidh an gearán agus an comhfhreagras uile, na haighneachtaí, tuairiscí, doiciméid, léiriúcháin agus eolas a fuair an Cásoifigeach faoi threoir an Choiste. D'fhéadfadh Cásoifigeach é a ullmhú don Choiste lena meas ag a chruinniú.

An Gearánach

Is é an gearánach duine ar bith (an Chomhairle Mhúinteoireachta san áireamh) a chuireann gearán isteach chuig an gCoiste Imscrúdaithe.

An Gearán

Is é an gearán an t-iarratas i scríbhinn atá sínithe ar fhiosrúchán a dhéanamh ar mhúinteoir cláraithe, lena n-áirítear na doiciméid agus eolas atá in éineacht leis a bhaineann leis an ngearán, mar atá curtha isteach ag an ngearánach

Gearán suaibhreasach nó cráiteach

Gearán nach mbíonn aon bhonn inargóinte nó fiúntas aige sa dlí nó san fhírinn, nó a tionscnaíodh gan dóthain cúiseanna a bheith ann agus nach tharla aon rud ach amháin gur cuireadh fearg ar an múinteoir cláraithe faoina bhfuil an gearán.

Gearán atá déanta de mheon mímhacánta nó gur droch-úsáid próisis é

Gearán atá déanta de mheon mímhacánta nó áit a bhfuil mí-úsáid á baint as an nós imeachta le gearán a dhéanamh ag an ngearánach, ar chúiseanna seachas gearán dlísteanaigh a dhéanamh i gcoinne múinteora chláraithe.

An Stiúrthóir

Is é an Stiúrthóir Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Comhairle Múinteoireachta. Tá dualgas ar an Stiúrthóir gearáin a chur ar aghaidh chuig an gCoiste, ach amháin i gcásanna eisceachtúla nuair a d'fhéadfadh an Stiúrthóir gearán a dhiúltú. D'fhéadfadh an Stiúrthóir an fheidhm seo a dháileadh ar fhostaí den Chomhairle.

An Coiste Araíonachta

Suíonn trí chomhalta déag den Chomhairle ar an gCoiste Araíonachta. In alt 28 de na hAchtanna tá forálacha ann maidir le ballraíocht an Choiste. Is foras é an Coiste Araíonachta óna gcuirtear painéal le chéile le fiosrúchán a reáchtáil maidir le gearán a chuir an Coiste Imscrúdaithe ar aghaidh chuige faoi alt 42(9) de na hAchtanna.

Painéal den Choiste Araíonachta

Ceapfaidh Cathaoirleach an Choiste Araíonachta painéal ó bhaill den Choiste Araíonachta le fiosrúchán a dhéanamh ar ghearán atá atreoraithe chuige ag an gCoiste Imscrúdaithe. Tá an painéal Araíonachta, dá dtagraítear “an painéal”, déanta suas de 3 bhall ar a laghad agus 5 bhall ar a mhéad, agus is múinteoirí cláraithe iad an chuid is mó díobh. Faoi alt 43(14) de na hAchtanna, tá cumhachtaí, cearta agus pribhléidí na hArd-Chúirte nó bhreitheamh na hArd-Chúirte ag an bpainéal i leith na nithe seo a leanas

- Iallach a chur ar fhinnéithe a bheith i láthair agus iad a scrúdú faoi mhionn, agus
- Iallach a chur doiciméid a chur ar fáil.

An tAcht Oideachais 1998, mar a leasaíodh

D'achtaigh an tOireachtas an tAcht Oideachais 1998 chun déileáil le réimse leathan d'ábhair oideachais lena n-áirítear na nithe seo a leanas, atá luaite in Achtanna na Comhairle Múinteoireachta:

- Alt 24 – déileálann sé seo le hábhair a bhaineann le múinteoirí agus baill foirne a fhóstu i scoil, nósanna imeachta maidir le bheith curtha ar fionraí nó briste as post.
- Alt 28 – déileálann sé seo le nósanna imeachta casaoide agus nósanna imeachta eile.

An tAcht Oideachais (Leas) 2000, mar a leasaíodh

D'achtaigh an tOireachtas an tAcht Oideachais (Leas) 2000 le foráil a dhéanamh go mbeadh gach leanbh sa stát i dteideal bunoidreachais áirithe agus le feidhmeanna eile a chur i gcrích de réir mar a bhaineann siad le hábhair a bhaineann le tinreamh scoile.

An Coiste Feidhmiúcháin

Tá an Coiste Feidhmiúcháin déanta suas de 11 bhall ar a bhfuil Cathaoirleach na Comhairle agus Leaschathaoirleach na Comhairle. Tá feidhmeanna an Choiste leagtha amach in alt 26 de na hAchtanna.

Dearbhú nó Mífhaisnéis atá Bréagach nó Calaoiseach

Faoi alt 42 de na hAchtanna, baineann ceann amháin de na cúiseanna ina reáchtáilann an Coiste Imscrúdaithe fiosrúchán faoi mhúinteoir cláraithe leis an gclárú leis an gComhairle a bheith mícheart mar thoradh ar dhearbhú nó mífhaisnéis atá bréagach nó calaoiseach. Má chuireann duine ar bith faisnéis phearsanta mar gheall air nó uirthi féin atá bréagach ar fáil le bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta breathnófar air nó uirthi mar dhuine a rinneadh dearbhú calaoiseach nó a thug bréaglériú mar gheall air nó uirthi féin.

Sa 2ú hEagrán den Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí 2012, luaitear:

“Ba chóir do mhúinteoirí: gníomhú go hionraic agus go macánta i ngach gné dá gcuid oibre; meas a léiriú ar phríobháideacht daoine eile agus ar rúndacht an eolais a fhaigheann siad le linn thréimhse an chleachtais ghairmiúil, ach amháin más gá an t-eolas sin a nochtadh i bhfianaise riachtanais dhlíthiúil nó má bhíonn ábhar imní dlisteanach ann faoi fholláine duine; iad féin, a stádas gairmiúil, a gcáilíochtaí agus a dtaithí a chur i láthair go hionraic; a n-ainm(neacha) a úsáid mar atá leagtha amach i gClár na Múinteoirí agus iad i mbun a ndualgas gairmiúla; coimhlint a sheachaint idir a gcúraimí gairmiúla agus a ngnóthaí pearsanta a bhféadfaí a rá go réasúnta go mbeadh tionchar diúltach ag a leithéid ar dhaltaí/mhic léinn”. (Lch.7)

Fiosrúchán

Sna hAchtanna déantar tagairt d'fhiosrúchán a bheith ar siúl ag an gCoiste Imscrúdaithe agus má chuirtear an gearán ar aghaidh chuig an gCoiste Araíonachta, fiosrúchán a bheith ar siúl ag painéal an Choiste Araíonachta.

Is é is fiosrúchán a bhíonn ar siúl ag an gCoiste Imscrúdaithe imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán, ina mbeadh breithniú déanta ar eolas, doiciméid, tuairiscí, aighneachtaí, nó a leithéid ábhar eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí don ghearán.

Is é is fiosrúchán a bhíonn ar siúl ag painéal an Choiste Araíonachta éisteacht ó bhéal ina ndéantar fianaise faoi bhrí na mionn a mheas, nó doiciméid agus aighneachtaí i scríbhinn a scrúdú.

An Coiste Imscrúdaithe

Suíonn aon chomhalta déag den Chomhairle ar an gCoiste Imscrúdaithe. Tá ballraíocht an Choiste leagtha amach in alt 27 den Acht. D'fhéadfadh an Coiste Imscrúdaithe imscrúdú a dhéanamh ar ghearán tar éis gearán a bheith atreoraithe chuige ag an Stiúrthóir nó áit a ndéantar achomharc ar dhiúltú ón Stiúrthóir chuig an gCoiste. Má bhíonn imscrúdú ag an gCoiste déanfaidh sé cinneadh an gearán a chur ar aghaidh chuig an gCoiste Araíonachta nó diúltóidh sé an gearán a chur ar aghaidh.

Gan a bheith ábalta teagasc a dhéanamh ó thaobh na sláinte de

In alt 42(8)(b) de na hAchtanna déantar foráil go bhféadfadh an Chomhairle rialacháin a dhéanamh sa chás go mbíonn líomhain ann nach bhfuil an múinteoir ábalta teagasc a dhéanamh ó thaobh na sláinte de, a dhéanann foráil go gcuirtear isteach fianaise sláinte, go ndéantar aighneachtaí agus go bhfreastalaítear ar scrúdú dochtúra.

Sa 2ú hEagrán den Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí 2012, luaitear:

Ba chóir do mhúinteoirí a chinntiú nach mbíonn siad ag cleachtadh agus iad faoi thionchar aon substaint a chuireann isteach ar a bhfeidhmiúlacht chun múineadh. (Lch. 8).

An Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin

An Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin den Gharda Síochána.

Cion intrialte ar díotáil

Is iad cionta intrialte na cionta sin a d'fhéadfaí nó a chaithfí a thriail ar díotáil os comhair breithimh agus giúiré de ghnáth.

Drochfheidhmíocht Ghairmiúil

Teip ar mhúinteoir cláraithe na caighdeáin inniúlachta (cibé acu an mbaineann siad le cúrsaí eolais, scileanna nó eolas agus scil, nó an dá cheann a chur i ngníomh) a chomhlíonadh a mbeifí ag súil leo go réasúnta ó mhúinteoir cláraithe.

Prima Facie

Téarma Laidine a chiallaíonn “ar an gcéad amharc” nó “ar an gcéad fhéachaint”. Baintear úsáid as an téarma sna hAchtanna agus ciallaíonn sé gur cosúil go bhfuil an-fhéidearthacht ann go gcruthófar an gearán ag fiosrúchán a bhíonn ar siúl ag painéal an Choiste Araíonachta.

Mí-iompar Gairmiúil

Iompar náireach nó mí-ionraic le linn thréimhse gairme an Duine atá cláraithe, nó aon ní eile seachas sin le linn thréimhse gairme an Duine atá cláraithe más rud é go bhfuil an t-iompar chomh tromchúiseach sin go bhféadfaí míchlú a tharraingt ar ghairm na múinteoireachta

Múinteoir Cláraithe

Múinteoir atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta ar chlár na múinteoirí.

An Rúnaíocht

Ball amháin nó níos mó d’fhoireann na Comhairle Múinteoireachta, a bheidh freagrach as cúrsaí riaracháin chun tacú le feidhmiú an Choiste.

An Chomhairle Mhúinteoireachta

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an comhlacht reachtúil atá freagrach as an gclárú agus as na caighdeáin ghairmiúla do mhúinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile in Éirinn. Bunaíodh í ar bhonn reachtúil ar an 28 Márta 2006, i gcomhréir leis na hAchtanna.

Achtanna na Comhairle Múinteoireachta, 2001 – 2015

In Achtanna na Comhairle Múinteoireachta, 2001 – 2015, bunaítear agus leagtar amach feidhmeanna na Comhairle Múinteoireachta. Leasaíodh an tAcht bunaidh 2001 in 2006, 2012 agus 2015. I gCuid 5 den Acht déantar na gearáin a bhaineann le feidhmiúlacht chun múineadh múinteora chláraithe a rialú.

Nochtadh Grinnfhiosrúcháin

Nochtadh atá déanta ag an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin i leith duine.

Nósanna Imeachta Grinnfhiosrúcháin

An fiosrú agus scrúdú a dhéanann an Biúró faoi alt 14 d'Acht 2012, agus, más cuí, an measúnú a dhéanann Príomoifigeach an Bhiúró ar eolas ar leith faoi alt 15 d'Acht 2012 maidir le hiarratas a dhéanamh ar ghrinnfhiosrú a dhéanamh ar dhuine ar mian leis nó léi an obair chuí nó na gníomhaíochtaí cuí a dhéanamh.

Na hAchtanna Gairmoideachais, 1930 go 1999

Déanann an tAcht bunaidh de 1930 agus líon Achtanna leasaithe an Earnáil Ghairmoideachais a rialú. Rinneadh na hAchtanna seo a aisghairm agus tháinig Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 ina n-áit.

Duine Soghonta

Ciallaíonn duine soghonta duine, seachas leanbh, atá—

- a) ag fulaingt ó neamhord intinne, cibé acu an é mar thoradh ar mheabhairghalar nó néaltrú, nó
- b) faoi mhíchumas intleachta, nó
- c) ag fulaingt ó mháchail fhisiceach, cibé acu an é mar thoradh ar ghortú, tinneas nó aois, nó
- d) atá faoi mhíchumas fisiceach de chineál nó de mhéid is cúis—
 - (i) le srian a chur le hábaltacht an duine chun é nó í féin a chosaint ó bheith gortaithe ag duine eile, nó
 - (ii) le go mbíonn cuidiú de dhíth ar dhuine dá bharr leis na gnáthghníomhaíochtaí maireachtála lena n-áirítear tú féin a ghléasadh, ag ithe, ag siúl, ag ní agus tú féin a fholcadh.

Aighneachtaí i scríbhinn

Féadfaidh múinteoir cláraithe a mbaineann iarratas leis nó léi chuig an gComhairle Mhúinteoireachta aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh chun é nó í féin a chosaint chuig an gCoiste Imscrúdaithe.